# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

LAIDIN – ARDLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge air seo:- (50)

Nox erat, et placidum carpebant fessa soporem
corpora per terras, silvaeque et saeva quierant
aequora, cum medio volvuntur sidera lapsu,
cum tacet omnis ager, pecudes pictaeque volucres,
quaeque lacus late liquidos, quaeque aspera dumis
rura tenent, somno positae sub nocte silenti.
**7** at non infelix animi Phoenissa, neque umquam
solvitur in somnos, oculisve aut pectore noctem
accipit; ingeminant curae, rursusque resurgens
saevit amor, magnoque irarum fluctuat aestu.

**VEIRGIL**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):- (30)

**(a)** Cad a tharla a chuireann ar Dhíodó í féin a iompar mar a dhéanann sí sa sliocht seo?
**(b)** Cén sórt mothaithe a chruthaítear sna chéad sé líne den sliocht? Luaigh **dhá** shampla de conas a chruthaítear an mothú seo.
**(c)** Cén chontrárthacht atá idir an mothú sna ceithre líne dheiridh agus an mothú sna chéad sé líne? Roghnaigh **dhá** shampla ó na ceithre líne dheiridh chun an chontrárthacht sin a léiriú.
**(d)** Mínigh cén fáth a dtugtar 'Phoenissa' ar Dhíodó i líne 7.
**(e)** Déan cur síos ar conas a chríochnaíonn scéal Dhíodó.
**(f)** Déan cur síos gairid ar na cineálacha filíochta a scríobh Veirgil.

**2.** Cuir Gaeilge air seo:- **[80]**

(*Éilíonn Spartacus ó scoil na ngliairí in Capua agus téann sé i gceannas ar éirí amach sclábhaithe)*

Spartacus cum aliis gladiatoribus ex urbe Capua effugit et in monte Vesuvio castra posuit. Cum gladiatores milites Romanos fortiter superavissent, plurimi servi atque pauperes ex agris ad castra Spartaci fugerunt.

Per duos annos exercitus servorum totam Campaniam et alias partes Italiae delebat. Spartacus servis persuadere conatus est ut trans Alpes in Galliam effugerent sed servi in Italia manere atque contra Romanos pugnare voluerunt. Tandem exercitus Romanus servos fortiter resistentes vicit. Spartacus ipse in pugna mortuus est. Multi servi capti crudeliter puniti sunt.

| | | | |
|---|---|---|---|
| castra: campa. | pauper: fear bocht. | ager: páirc. | exercitus: arm. |
| trans: thar. | Alpes: na hAlpa. | Gallia: an Ghaill. | crudeliter: go cruálach. |



THALL →

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. **[80]**
(Is fiú ocht marc gach aon cheist acu):-

(*Is í Iúnó is cúis le longa Aeinéas a bheith ruaigthe dá gcúrsa*)

Troiani, cum Siciliam reliquissent, ad Italiam celeriter navigabant. Iuno autem, regina deorum, quod Troianos numquam amabat, naves eorum delere voluit. Itaque Aeolum, dominum ventorum, rogavit ut ventos magnos emitteret. Quod ubi fecit Aeolus, naves Troianorum per totum mare agitabantur et multi Troiani perierunt.

Neptunus tamen, deus maris, Aeolum ventos revocare coegit. Ipse mare placavit et nubes densas e caelo agitavit. Deinde Aeneas septem modo naves vidit et comites amissos dolebat. Subito Troiani litus non procul conspexerunt et in terram egressi laeti cenam parare inceperunt.

| | | | |
|---|---|---|---|
| agito: ruaigim, tiomáinim. | pereo: táim caillte. | revoco: glaoim ar ais. | cogo: cuirim iallach ar. |
| placo: suaimhním. | nubes: scamall. | densus: tiubh. | amitto: caillim. |

**(i)** Cad a rinne muintir na Traí tar éis dóibh an tSicil a fhágáil?
**(ii)** Cérbh í Iúnó? Cad a theastaigh uaithi a dhéanamh?
**(iii)** Cén fáth ar theastaigh uaithi é sin a dhéanamh?
**(iv)** Cérbh é Aeólas? Cad a d'iarr Iúnó air a dhéanamh?
**(v)** Cén **dá** rud a tharla nuair a rinne Aeólas an rud a iarradh air a dhéanamh?
**(vi)** Cérbh é Neiptiún? Luaigh **dhá** rud a rinne sé.
**(vii)** Cad a chonaic Aeinéas ansin? Cén fáth ar chaoin sé?
**(viii)** Cad a chonaic muintir na Traí go tobann?
**(ix)** Nuair a tháinig muintir na Traí i dtír, conas a mhothaigh siad? Cad a rinne siad sa deireadh?
**(x)** Cén sórt clásail é *cum Siciliam reliquissent* (líne 1)? Cén aimsir agus modh ina bhfuil an briathar?
**(xi)** Luaigh príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

relinquo, amo, volo, facio, video.

**(xii)** Luaigh an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Iolra, de **thrí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

regina, dominus, navis, mare, litus.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Is fiú ochtó marc gach roinn):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin orthu seo:-

**(a)** Chuaigh Peirséifiné isteach sna móinéir lena cairde chun bláthanna a phiocadh. (16)

**(b)** Nuair a chonaic Plútón an cailín thug sé leis í go dtí a ríocht. (16)

**(c)** Bhí Ceres chomh brónach sin gur chuardaigh sí a hiníon i ngach tír. (16)

**(d)** Sa deireadh d'iarr Ceres ar rí na ndéithe a hiníon a aimsiú. (16)

**(e)** Theastaigh ó rí na ndéithe cabhrú léi toisc gur dheartháir léi é. (16)

móinéar: pratum -i *n*. pioc: lego, legere, legi, lectum (3).
cuardaigh: quaero, quaerere, quaesivi, quaesitum (3).

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge air seo:-

(*Shábháil deilf Arion ón mbás*)

Arion, clarissimus poeta, dulciter cantare poterat. Itaque profectus est Corintho ad Siciliam ut pecuniam dulci voce compararet. Cum multam pecuniam comparavisset Corinthum regredi volebat. Conscendit igitur navem.

Sed cum in medio mari esset sensit nautas sibi mortem machinari quod pecuniam rapere volebant. Arion postquam eos frustra oravit ut sibi parcerent, rogavit ut sibi cantare liceret. Itaque, coronam pulchram gerens, solus in puppi stetit atque cantare incepit. Tum in mare desiluit. Sed delphinus, dulci voce hominis delectatus, eum in tergo excepit et brevi tempore tutum ad litus portavit.

clarus: cáiliúil. dulciter: go binn. dulcis: binn. comparo: aimsím, faighim.
machinor: beartaím. parco (+ tabh.): ligim le. licet: tá sé ceadaithe.
puppis: deireadh (loinge). desilio: léimim anuas. delphinus: deilf. tergum: droim.
tutus: sábháilte.

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Conas a chabhraigh an *corvus* leis na Rómhánaigh buanna muirí a fháil ar mhuintir na Cartaige?
- **(ii)** Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar an gCéad Chogadh Púnach.
- **(iii)** Ainmnigh **dhá** oileán a tháinig faoi smacht na Róimhe idir an Chéad agus an Dara Cogadh Púnach.
- **(iv)** Cad a tharla i gcath Cannae sa bhliain 216 R.Ch?
- **(v)** Ainmnigh **dhá** chathair thábhachtacha a scrios na Rómhánaigh sa bhliain 146 R.Ch.
- **(vi)** Luaigh **dhá** leasú mhóra a mhol Caius Gracchus.
- **(vii)** Cérbh é Iúgurtha agus conas a tharla aighneas idir é agus na Rómhánaigh?
- **(viii)** Cad a tharla ag Aquae Sextiae agus Vercellae?
- **(ix)** Ainmnigh **dhá cheann** de leasuithe Sulla.
- **(x)** Cérbh é Vercingetorix agus cad a tharla dó?

**B.** Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Hannabal**, an Cartaigeach, a thug mionn ina óige go mbeadh sé naimhdeach leis na Rómhánaigh go deo. (20)

**NÓ**

Uair amháin ba é **Poimpéas** an fear ba thábhachtaí sa Róimh ach fuair sé bás ina aonar ar chósta na hÉigipte.
Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna ina ghníomhréim. (20)

**THALL→**

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén ról a bhí ag *quaestor* sa stát Rómhánach?
**(ii)** Luaigh **dhá** ghné a bhain leis an *atrium* i dteach Rómhánach.
**(iii)** Cérbh iad na Maighdeana Veisteacha agus cén ról a bhí acu?
**(iv)** Cérbh iad na *fasces* agus cad dó ar sheas siad?
**(v)** Cén ról a bhí ag an *paterfamilias* nuair a rugadh leanbh nua i dteaghlach Rómhánach?
**(vi)** Déan cur síos ar cad a tharla sa *Colosseum* sa Róimh.
**(vii)** Cad ba *rhetor* ann? Cérbh í an ghné ba thábhachtaí dá phost?
**(viii)** Déan cur síos ar cad a tharla sa *palaestra* ag na folcadáin Rómhánacha.
**(ix)** Luaigh **dhá cheann** de na freagrachtaí a bhí ar an *aedile* sa stát Rómhánach.
**(x)** Cén searmanas a bhí sa *manumissio*? Déan cur síos ar conas a rinneadh é.

**B.** Féach ar an léaráid seo thíos de shearmanas pósta sa Róimh agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:-



**(i)** Déan cur síos ar cad atá ag tarlú sa léaráid. (6)

**(ii)** Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú agus litir á scríobh agat chuig cara leat sa Ghréig. Déan cur síos i do litir ar na príomhnósanna a bhaineann le searmanais phósta sa Róimh. (14)

Baineadh an léaráid do Cheist 6B ó www.womenintheancientworld.com